2025/1188

19.6.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1188 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Meitheamh 2025

maidir leis an bhformheas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge le haghaidh an tsainearra thraidisiúnta faoi ráthaíocht 'Spišské párky' (STR)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 64(2) i gcomhar le hAirteagal 66(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 50(2), pointe (b), i gcomhar le hAirteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), rinneadh iarratas na Seicia agus na Slóvaice ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar an tsonraíocht táirge le haghaidh an tsainearra thraidisiúnta faoi ráthaíocht (STR) 'Spišské párky', arb iarratas é a fuair an Coimisiún roimh dháta theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1143, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]).

(2) Ní bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra faoi Airteagal 61 de Rialachán (AE) 2024/1143, atá infheidhme maidir leis an iarratas ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 90(6) den Rialachán sin.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, an t-iarratas ar fhormheas ar an leasú ar leibhéal an Aontais a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An leasú ar leibhéal an Aontais ar an tsonraíocht táirge a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an sainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht 'Spišské párky' (STR), formheastar leis seo é.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj.
([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1151/oj).
([3]) IO C, C/2025/1170, 20.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1170/oj.